Polasaí Fionraíochta & Díbeartha

Coláiste na bPiarsach, Ros Muc

Ráiteas Misean

'Sí an aidhm atá againn ná timpeallacht foghlama a chruthú le gnéithe intleachtúla, fisiciúla, morálta, spioradálta, aeistéiticiúla agus mothúchánacha do gach scoláire a fhorbairt agus na scoláirí a spreagadh chun an sprioc is airde a bhaint amach ar son a leasa pearsanta féin agus a bpobal. Tá sé mar chuspóir againn ár dteanga, ár n-oidhreacht agus ár ndúchas a spreagadh agus a chaomhnú ar chuile bhealach agus mórtas cine a chothú.

Reamhrá:
Aithnítear gur gné thábhachtach é an Polasaí Cur Chun Cinn Dea-iompar scoile chun atmasféar dearfach agus comhoibríoch a chothú sa scoil. Cuirtear an bhéim ar iompar maith a chothú in ionad a bheith ag gearradh pionóis ar dhrochiompar. Ar ocáidí, afách de bharr briseadh rialta de Chód Iompar na scoile nó tar éis eachtra tromchúiseach, d'fhéadfaí dul i muinín an pholasaí seo, **Polasaí Fionraíochta agus díbeartha** agus scoláire a chur ar fionraí. I gcásanna éiseachtúla, d'fhéadfaí moladh a dhéanamh scoláire a dhíbirt ón scoil.

Rólanna

- Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros Comáin: an Polasaí a fhaomhadh agus a éisteacht le cás achomhairc.
- Bord Bainistíochta na scoile: An polasaí a fhaomhadh agus athbhreithniú a dhéanamh air go rialta.
- Príomhoide / Leas Phríomhoide / Bainistíocht na scoile: Polasaí a chur i bhfeidhm, tacú le daltaí agus le múinteoirí atmaisféar dearfach a chruthú.
- Tuismitheoirí: tacaíocht a thabhairt don scoil i dtaobh dearcadh dearfach a bheith ag daltaí i leith na scoile agus scolaíochta. An Polasaí agus nósanna dea-iompar a phlé le daltaí sa bhaile. An scoil a chur ar an eolas i dtaobh aon deacracht a bheadh ag dalta.
- Daltaí: Freagracht a ghlacadh as a gcuid iompar féin. Tuiscint a bheith acu ar an ngá atá le polasaí i dtaobh dea-iompar agus tacú leis an bpolasaí sin. Suim a bheith acu in obair na scoile. A gcuid tuairimí a nochtadh ar bhealach dearfach agus measúil.

Fionraí

Is féidir leis an bPríomhoide / Leas Phríomhoide, tar éis teip na gcéimeanna aitheanta sa bpolasaí Cur Chun Cinn Dea Iompar, an scoláire a chur ar fionraí. Is smachtbhanna tromchúiseach é scoláire a chur ar fionraí. Faoi mhír 31 den Acht Gairmoideachais(Leasú) 2001, agus ag teacht le treoirlínte an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais (cuid 11, l.ch 70), tá cumhacht tarmligthe ag bord bainistíochta na scoile, i gcomhar le foireann bainistíochta sinsearach na scoile, scoláire a chur ar fionraí. Sa gcás go mbíonn an Príomhoide as láthair, tá an t-údarás ag an Leas Phríomhoide gníomhú ar a s(h)on.

D'fhéadfaí an smachtbhanna seo a úsáid:

1. Nuair a theip ar iarrachtaí eile an fhadbh / na fadbhanna a réiteach.
2. I gcás sárú tromchúiseach den Chód Iompar.

Próiseas um Fheidhmiú Chód Iompair na scoile i leith Fionraíochta/Díbeartha

(i) Fionraíocht

I ngach cás a bhféadfadh fionraíocht scoláire ón scoil a bheith i gceist, is é / í an Príomhoide a ghlacfaidh an cinneadh i ndiaidh dó / di éisteacht le gach taobh den chás agus an fhianaise a mheas. Tabharfar fógra cuí do na tuismitheoirí / caomhnaoirí faoin bhfionraíocht. Cuirfear tuairisc ar fáil gach tréimhse fionraíochta don Bhord Bainistíochta.

D'fhéadfadh fochoiste den Bhord Bainistíochta cruinniú a bheith acu chun iompar scoláire a phlé le tuismitheoirí / caomhnóirí agus leis an scoláire. Tionólfar an cruinniú ar mhaithe le comhaontú a fháil leis na páirtithe i dtaobh iompar an scoláire sa scoil. Tá an t-údáras seo tairmligthe ag an mBord Bainistíochta don Chathaoirleach agus do bheirt bhall eile den Bhord. Más cuí agus más féidir, tabharfar cuireadh don Oifigeach Leasa Oideachais chun freastal ar an gcruinniú sin. Má chuirtear scoláire ar fionraí de bharr eachtra thromchúiseach mhí-iompair, d'fhéadfaí iarraidh ar an scoláire conradh iompar inghlactha a shíniú ar fhilleadh dó / di ar an scoil.

Tá an Bord Bainistíochta tar éis údarás a tharmligean don Phríomhoide scoláire a chur ar fionraí ar feadh trí lá nó suas go dtí cúig lá i dtaobh eachtraí tromchúiseacha éigeandála. D'fhéadfadh fochoiste den Bhord Bainistíochta fionraíocht do thréimhse ní b'fhaide a cheadú, dá mbá ghá, mura bhféadfaí cruinniú den Bhord Bainistíochta iomlán a thionól. Tá an t-údarás seo tairmligthe ag an mBord don Chathaoirleach agus do bheirt bhall eile den Bhord Bainistíochta.

(ii) Díbirt

Is é an Bord Bainistíochta a dhéanann cinneadh i dtaobh scoláire a dhíbirt ón scoil, ar mholadh ón bPríomhoide, i ndiaidh don Bhord cruinniú éisteachta a thionól ina dtugann an Príomhoide fáthanna dá mholadh agus na tuismitheoirí / caomhnóirí fáthanna nach nglacfaí leis an moladh.

I ngach cás a bhaineann le moladh ón bPríomhoide scoláire a dhíbirt, is é an Bord Bainistíochta a ghlacann an cinneadh agus is ag an mBord amháin atá an t-údarás scoláire a dhibírt ón scoil.

(iii) Ceart Achomhairc

(a) Fionraíocht

I ngach cás a bhaineann le tréimhse fionraíochta iomlán de shuim 20 lá nó os a chionn, tá sé de cheart ag na tuismitheoirí / caomhnóirí, nó scoláire atá 18 nó ós a chionn, achomharc a dhéanamh leis an mBord Bainistíochta **laistigh de 14 lá** ón dáta a fhaigheann siad an cinneadh i scríbhinn ón scoil.

Sa chás go dteipeann ar an achomharc in éisteacht an Bhoird Bainistíochta, tá sé de cheart ag na tuismitheoirí / caomhnóirí, nó scoláire atá 18 nó ós a chionn, achomharc a dhéanamh le Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh / Ros Comáin **laistigh de 14 lá** ón dáta a fhaigheann siad an cinneadh i scríbhinn ón mBord Bainistíochta.

Má theipeann ar an achomharc in éisteacht an Bhord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh / Ros Comáin, tá sé de cheart acu achomharc a dhéanamh le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais & Scileanna faoi réir Alt 29, Fo-alt(1) den Acht Oideachais 1998 **laistigh de 42 lá** ón dáta a fhaigheann siad an cinneadh i scríbhinn ón mBord Oideachais agus Oiliúna.

(b)Díbirt

I ngach cás a bhaineann le díbirt a bhíonn molta / faofa ag an mBord Bainistíochta, tá se de cheart ag na tuismitheoirí / caomhnóirí, nó scoláire atá 18 nó ós a chionn, achomharc a dhéanamh le Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh / Ros Comáin **laistigh de 14 lá** ón dáta a fhaigheann siad an cinneadh i scríbhinn ón mBord Bainistíochta.

Sa chás go dteipeann ar an achomharc in éisteacht an Bhord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh / Ros Comáin, tá sé de cheart acu achomharc a dhéanamh le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais & Scileanna faoi réir Alt 29, Fo-alt (1) den Acht Oideachais 1998 **laistigh de 42 lá** ón dáta a fhaigheann siad an cinneadh i scríbhinn ón mBord Oideachais agus Oiliúna.

(iv) An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais

Ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais sna cásanna seo a leanas:

- Nuair a shroicheann tréimhse fionraíochta scoláire suim iomlan **6 lá nó níos mó.**
- Nuair a dhiúltaítear iarratas ó scoláire clárú / rollú sa scoil.
- Nuair a dhíbrítear scoláire ón scoil.
- Nuair a bhíonn cúrsaí ábhartha ag baint le scoláire i dtaobh leasa oideachais.

Sárú Tromhchúiseach ar an gCód Iompar:

Mar threoir do thuismitheoirí / caomhnóirí agus do scoláirí, seo liosta de chuid de na rudaí a mbreathnófar orthu mar sharú tromchúiseach ar an gCód Iompar:

- Ionsaí fisiciúil a dhéanamh ar bhall d'fhoireann na scoile nó ar scoláire eile.
- Cur isteach leanúnach ar mhúineadh agus ar fhoghlaim.
- Ionsaí ó bhéal nó bagairt a dhéanamh ar bhall de fhoireann na scoile.
- Bulaíocht - féach Polasaí Bulaíochta na scoile.
- Goid nó damáiste malíseach a dhéanamh do mhaoin na scoile, do mhaoin fhoireann na scoile nó scoláire eile.
- Úsáid a bhaint as alcól, drugaí nó aon substaint mí-dhleathach eile sa scoil, i dtimpeallacht na scoile nó le linn imeachtaí scoile taobh amuigh den scoil.
- Cur isteach ar shaol pearsanta an mhúinteora sa mbaile nó taobh amuigh den scoil.
- Ní liosta cuimsitheach é seo.

Gardaí a chur ar an eolas

I gcás go bhfuil líomhaintí coiriúla á gcur i leith mic léinn, de ghnáth déanfar iad seo a atreorú chuig na gardaí agus is orthu siúd atá an fhreagracht cúrsaí coiriúla a imscrudú.

Scoláirí le Riachtanais speisialta

Déanfaidh na múinteoirí ach go h-áiríthe múinteoirí feabhais / tacaíocht foghlamtha agus cúntóirí riachtanais speisialta seicéail go gcuirfear an Cód iompar in iúl ar bhealach ar féidir le mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu iad a thuiscint.

Cuireadh an polasaí seo faoi bhráid fhoireann teagaisc na scoil chomh maith le comhaltaí éagsúla na scoile ag tús na scoilbhliana 2019.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús na scoilbhliana 2022 / 23 nó níos túisce más gá.

Faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste na bPiarsach ar an _____

Síniú_____

Cathaoireach an Bhoird